*Cosantóir:* an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (ionadaithe: V. Canetti agus S. Payan-Lagrou, Gníomhairí, le cúnamh ó C. Wagner agus R. van der Hout, Dlíodóirí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí cinneadh Ares(2019) 4590599 ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA) an 16 Iúil 2019 lena ndiúltaítear dá thogra a tíolacadh maidir le glao ar thograí H2020-SC6-Governance-2019, ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Universität Bremen costais na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc. Ordaítear don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA) costais na n-imeachtaí achomhairc os comhair na Cúirte Breithiúnais a íoc.

---

([1]) IO C 399, 25.11.2019.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 22 Márta 2023 – Tazzetti v an Coimisiún**

**(Cásanna Uamtha T-825/19 agus T-826/19)** ([1])

***(Comhshaol – Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 – Gáis ceaptha teasa fhluairínithe – Clárlann leictreonach do chuótaí i gcomhair hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh – Gnóthais leis an úinéir tairbhiúil céanna – Táirgeoir nó allmhaireoir aonair – Acht a bhfuil drochthionchar aige – Leas i gcaingean a thionscnamh – Inghlacthacht – Iarraidh chun an t-iarratas a mhodhnú – Do-ghlacthacht – Pléadáil neamhdhleathachta – Léiriú ar rialachán cur chun feidhme atá comhsheasmhach leis an mbunrialachán – Cumhacht cur chun feidhme an Choimisiúin)***

(2023/C 179/35)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir i gCás T-825/19:* Tazzetti SpA (Volpiano, an Iodáil) (ionadaithe: M. Condinanzi, E. Ferrero agus C. Vivani, Dlíodóirí)

*Iarratasóir i gCás T-826/19:* Tazzetti SA (Maidrid, an Spáinn) (ionadaithe: M. Condinanzi, E. Ferrero agus C. Vivani, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Gattinara agus E. Sanfrutos Cano, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína gcuid caingne an 4 Nollaig 2019 faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir i gCás T 825/19, Tazzetti SpA, agus an t-iarratasóir i gCás T 826/19, Tazzetti SA, ar an gcéad dul síos cinntí atá i dtrí litir an 27 agus 30 Meán Fómhair 2019 agus in dhá ríomhphost an 6 agus an 20 Samhain 2019 ón gCoimisiún Eorpach, arna ndéanamh de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/661 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2019 lena n-áirithítear feidhmiú rianúil na clárlainne leictreonaí do chuótaí i gcomhair hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh (IO 2019 L 112, lch. 11) a chur ar neamhní, agus, ar an dara dul síos, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1604 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2020 lena gcinntear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe, luachanna tagartha don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2023 do gach táirgeoir nó allmhaireoir a chuir hidreafluaracarbóin ar an margadh go dleathach san Aontas ón 1 Eanáir 2015, mar a thuairiscítear faoin Rialachán sin (IO 2020 L 364, lch. 1).

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar na Cásanna T-825/19 agus T-826/19 a uamadh chun críocha an bhreithiúnais;

2. Cuirtear na cinntí atá sa dara litir a sheol an Coimisiún Eorpach an 27 Meán Fómhair 2019, i litir an 30 Meán Fómhair 2019 ón gCoimisiún, agus i ríomhphost an 20 Samhain 2019 ón gCoimisiún a dhírítear chuig Tazzetti SpA agus Tazzetti SA ar neamhní;

3. Diúltaítear don chuid eile den chaingean;

4. Ordaítear don Choimisiún a chostais féin a íoc agus na costais sin arna dtabhú ag Tazzetti SpA agus Tazzetti SA a íoc.

([1]) IO C 45, 10.2.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 29 Márta 2023 – Nouryon Industrial Chemicals agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-868/19)** ([1])

***(REACH – Meastóireacht ar chomhaid chlárúcháin agus seiceáil maidir le comhlíonadh faisnéise arna soláthar ag cláraitheoirí – Iarratas ar staidéir bhreise chun críocha an chomhaid clárúcháin le haghaidh éitear démheitile – Staidéar ar thocsaineacht forbraíochta réamhbhreithe – Staidéar Sínte ar Thocsaineacht Atáirgthe Aon-Ghlúine – Réamhstaidéar ar an raon dáileoige – Airteagal 51(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 – Tástáil ar ainmhithe – Airteagal 25 de Rialachán Uimh. 1907/2006 – Earráid fhollasach measúnaithe – Comhréireacht)***

(2023/C 179/36)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Nouryon Industrial Chemicals BV (Amstardam, an Ísiltír), Knoell NL BV (Maarssen, an Ísiltír), Grillo-Werke AG (Duisburg, an Ghearmáin), PCC Trade & Services GmbH (Duisburg) (ionadaithe: R. Cana, Z. Romata agus H. Widemann, Dlíodóirí)

*Consantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: R. Lindenthal agus K. Mifsud-Bonnici, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraithe mar thaca leis an gcosantóir:* Ríocht na Danmhairge (ionadaí: M. Søndahl Wolff, i gcáil Gníomhaire), Ríocht na hÍsiltíre (ionadaithe: M. Bulterman, A. Hanje agus J. Langer, i gcáil Gníomhairí), Ríocht na Sualainne (ionadaithe: A. Runeskjöld, C. Meyer-Seitz, M. Salborn Hodgson, H. Shev, H. Eklinder, R. Shahsavan Eriksson and O. Simonsson, i gcáil Gníomhairí), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ionadaithe: M. Heikkilä, W. Broere, S. Mahoney agus N. Herbatschek, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína gcaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go ndéanfaí Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 7336 final ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2019 i ndáil le seiceáil maidir le comhlíonadh clárúcháin éitear démheitil, arna ghlacadh ar tharchur ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, a chur ar neamhní ar bhonn Airteagal 51(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH).

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do na hiarratasóirí a gcostais féin a íoc agus na costais sin arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc, lena n-áirítear na costais a bhaineann leis na himeachtaí ar fhaoiseamh eatramhach.

3. Ordaítear do Ríocht na Danmhairge, do Ríocht na hÍsiltíre, do Ríocht na Sualainne agus don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) a gcostais féin a íoc.

([1]) IO C 68, 2.3.2020.